Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**15930/25**

**ATO 83**
**CONOP 84**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena bhformheastar go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach i gcrích an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO)<br>– Glacadh |

1. Bunaíodh Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) de bhun Chomhaontú an 9 Márta 1995 idir Rialtas Phoblacht na Cóiré, Rialtas na Seapáine agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá. An 19 Meán Fómhair 1997, ghlac an tAontas Eorpach páirt ann, tríd an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom), agus lean sé de bheith ina pháirtí conarthach i naoi gComhaontú i ndiaidh a chéile.

2. Chuaigh an naoú Comhaontú idir Euratom agus KEDO in éag an 31 Bealtaine 2024, agus is chun leas an Aontais é an deichiú Comhaontú a thabhairt i gcrích, le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Meitheamh 2024. Mairfidh an deichiú Comhaontú ar feadh bliana, agus beidh athnuachaintí uathoibríocha bliantúla ann go dtí an 31 Bealtaine 2027. Ní dhéanfar aon ranníocaíocht airgeadais ó Euratom le buiséad KEDO faoin gComhaontú seo.

3. An 10 Samhain 2025, thíolaic an Coimisiún Eorpach Moladh go nglacfaí Cinneadh ón gComhairle lena bhformheastar tabhairt i gcrích an deichiú Comhaontú idir Euratom agus KEDO, bunaithe ar Airteagal 101, an dara mír, de Chonradh Euratom.

4. Pléadh an Moladh sa Mheitheal um Cheisteanna Adamhacha an 13 Samhain 2025. Seoladh comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn an 14 Samhain agus tháinig deireadh leis an 21 Samhain (15788/25[1] + ADD 1). Ní dhearna na toscaireachtaí aon agóid ina choinne. An 1 Nollaig, chuir an Uachtaránacht an Mheitheal um Cheisteanna Adamhacha ar an eolas faoi thoradh an chomhairliúcháin.

5. Leis an gcinneadh uaithi, formheasfaidh an Chomhairle go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach i gcrích an deichiú Comhaontú idir Euratom agus KEDO le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Meitheamh 2024.

6. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh Coreper iarraidh ar an gComhairle an méid a leanas a dhéanamh:

   – an téacs mar a leagtar amach in 15788/25 + ADD 1 é a ghlacadh mar mhír 'A'.

[1] Cuirfear 15788/25, atá á athbhreithniú faoi láthair ag na dlítheangeolaithe, ar fáil do na toscaireachtaí roimh an gcruinniú a bheidh ag Coreper an 10 Nollaig 2025